# An Chomhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéil

## Tuarascáil Bhliantúil 2014

# Ábhar


| | |
|---|---|
| Réamhrá | 1 |
| Ráiteas Misin ission | 1 |
| Plean Straitéiseach 2011-14 | 1 |
| Réamhfhocal ón gCathaoirleach agus ón Stiúrthóir | 2 |
| Feidhmeanna na Comhairle | 3 |
| Ballraíocht na Comhairle | 4 |
| Coistí, Painéil agus Grúpaí Oibre na Comhairle | 5 |
| *An Coiste Cáilíochta agus Sábháilteachta* | *5* |
| *An Coiste um Oideachas agus Caighdeáin* | *6* |
| *An Coiste Comhairleach Míochaine (MAC)* | *7* |
| *An Coiste Seachadta Tosaíochta* | *9* |
| *An Coiste Iniúchóireachta* | *10* |
| *An Painéal Achomhairc* | *10* |
| *An Painéal Scrúdaithe* | *10* |
| *An Grúpa um Cháilíocht Scrúdaithe* | *11* |
| Gníomhaíochtaí na Comhairle i 2014 | 12 |
| Foireann agus Cairt Eagraíochtúil an CCPRO | 14 |
| RÁITIS AIRGEADAIS 2014 | 15 |
| *Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais* | *18* |
| *Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta* | *20* |
| *CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS* | *22* |
| *CLÁR COMHORDAITHE* | *23* |
| *NÓTAÍ AR NA RÁITIS AIRGEADAS* | *24* |
| *Aguisín 1 Sceideal freastail Bhaill na Comhairle 2014* | *30* |
| *Aguisín 2 Sceideal freastail ag Baill an Choiste Cáilíochta agus Sábháilteacht* | *31* |
| *Aguisín 3 Sceideal freastail an Choiste um Oideachas agus Caighdeáin 2014* | *32* |
| *Aguisín 4 Sceideal freastail ag Baill an Choiste Comhairliúcháin Míochaine 2014* | *33* |
| *Aguisín 5 Sceideal freastail an Choiste Seachadta Tosaíochta 2014* | *34* |
| *Aguisín 6 Sceideal freastail an Choiste Iniúchóireachta 2014* | *35* |

# Réamhrá

Is gníomhaireacht neamhspleách reachtúil í an Chomhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéil (CCPRO) a bhfuil freagracht uirthi maidir le caighdeáin, oideachas agus oiliúint i réimse cúraim éigeandála réamh-ospidéil in Éirinn.

Bhunaigh an tAire Sláinte an Chomhairle mar chomhlacht corpraithe le hIonstraim Reachtúil Uimhir 109 de 2000 (Ordú Bunaithe) a leasaíodh le hIonstraim Reachtúil Uimhir 575 de 2004 (Ordú Leasaithe). Déanadh na hOrduithe seo faoi Acht Sláinte (Comhlachtaí Corpraithe), 1961 mar a leasaíodh agus a tugadh faoi reachtaíocht phríomhúil le hAcht Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha), 2007.

Faoi I.R. 109 is féidir le baill na Comhairle, seachas an cathaoirleach, a bheith in oifig ar feadh trí nó ceithre bliana le crannchur ag an gcéad chruinniú den Chomhairle maidir le cé hiad na baill a bheadh ag freastal ar feadh trí bliana agus cé bheadh ag freastal ar feadh ceithre bliana. Ceapann an tAire Sláinte Ballraíocht na Comhairle.

Tá an ceathrú Comhairle ag freastal anois ó mhí Eanáir na bliana seo le ballraíocht de 17 ceapaí, ar bhaill nua cuid acu agus cuid eile athcheaptha. Tá 6 Choiste den Chomhairle, 2 Phainéal agus 2 Ghrúpa Oibre ann.

# Ráiteas Misin

Déanann an Chomhairle um Chúram Éigeandála Réamh-Ospidéal an pobal a chosaint trí chaighdeáin feabhais a shainiú, a athbhreithniú, cothabháil agus monatóireacht ar chaighdeáin sármhaitheasa do sholáthar cúraim ardchaighdeáin éigeandála réamh-ospidéil do mhuintir na hÉireann.

# Plean Straitéiseach 2011-14

Nascann an Plean Straitéiseach an Ráiteas Misin le feidhmeanna, rialachas agus cuspóirí tacaíochta riaracháin na Comhairle. Tugtar mionsonraí ar na straitéisí ar leith a bhaineann le gach cuspóir ar leith. Tugann an plean straitéiseach treoir agus fócas soiléir agus tá sé ar fáil ar leathanach ár bhfoilseacháin ar ár suíomh gréasáin http://www.phecit.ie/ .

# Réamhfhocal an Chathaoirligh agus an Stiúrthóra

Tá an-áthas orm féin agus ar an Stiúrthóir Feidhmeach, thar ceann na Comhairle, an 15ú tuarascáil bhliantúil seo don bhliain dar chríoch 31ú Nollaig 2014 a chur i láthair. Leanann an Chomhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéil (CCPRO) ag feidhmiú sa ról a bhaineann leis an bpobal a chosaint trí shonrú, cur chun cinn agus monatóireacht a dhéanamh ar chaighdeáin feabhais maidir le cúram práinne réamh-ospidéil ar ardchaighdeán a sholáthar don phobal don todhchaí.

Ba mhór an t-ábhar bróin dúinn gur cailleadh ár Stiúrthóir measúil, an Dr Geoff King (RIP), a fuair bás ar an 29ú Lúnasa 2014. I 2001 ceapadh Geoff mar Stiúrthóir tionscnaimh ar an CCPRO. Tá a ndearna sé i gcúram práinne réamhospidéil gan fasach. Tríd an bhfís a bhí aige agus a cheannaireacht rinne sé athrú ó bhonn agus claochlú ar chúram práinne réamhospidéil in Éirinn ó sheirbhís buntacaíochta beatha (BTB) go seirbhís nua-aimseartha ardtacaíochta beatha (ATB) a sholáthair gairmithe cláraithe cúraim sláinte inchomparáide leis na caighdeáin idirnáisiúnta is fearr.

Ba mhaith linn ár gcomhbhrón ó chroí a chur in iúl dá bhean Hannah agus a bpáistí Roisín, Cormac agus Finnian as a gcailliúint bhrónach. Ar dheis Dé go raibh a anam dílis.

Tá tionchar ag a bhás gan choinne ar gach duine a raibh aithne acu air agus tá an t-uaigneas atá ar chách ag teacht le pearsantacht ollmhór Geoff, lena chumas oibre, a stíl agus a charachtar. B'iontach an tacadóir é le cúram réamhospidéil agus ní le cúram otharchairr amháin ach an réimse iomlán ó fhreagróirí pobail go hard-pharamhíochaineoirí. Leanfaidh a fhís agus a éiteas le spreagadh a thabhairt dúinn go léir sa todhchaí. Ba mhaith leis an gComhairle aitheantas a thabhairt don chomhbhrón agus don tacaíocht go léir a tháinig ó chian agus ó chóngar.

Ba bhliain rathúil í seo don Chomhairle le forbairt agus faomhadh ar phlean nua straitéiseach a thugann sainmhíniú ar ár ngnó go dtí 2018. Foilsíodh eagrán 2014 de threoirlínte cleachtais chliniciúla (TCC) an CCPRO in éineacht le mionchoigeartú ar na rialacha maidir le hInstitiúidí Aitheanta (IA). Déanann na mionchoigeartuithe seo éascú ar na riachtanais dlíthiúla a bhaineann leis an Ordú Bunaithe agus an gá le córas rialála éifeachtach ar IAanna. I mí Dheireadh Fómhair thug an tAire Sláinte cuairt ar oifigí an CCPRO agus cuireadh ar an eolas é ar an CCPRO, ar a bunús, a feidhmeanna, a bhfuil bainte amach aice agus ar an bplean straitéiseach go ceann trí bliana.

Tá an Chomhairle agus an feidhmeannas an-bhuíoch de na coistí saineolaithe a chlúdaigh réimsí mar chleachtas cliniciúil, caighdeáin, clárú, scrúduithe agus rialachas agus riosca a bhí chomh flaithiúil lena gcuid ama agus a dtacaíocht don Chomhairle inár misean agus ár bhfís go bhfaigheadh muintir na hÉireann an cúram práinne réamh-ospidéil is oiriúnaí agus is sábháilte. Ba bhliain an-deacair í 2014 d'fhoireann an CCPRO agus thar aon bhliain eile ba mhaith leis an gComhairle ár mbuíochas a chur in iúl as ucht a dtiomantas, a gcuid oibre agus a ndíograis i dtacú leis an gComhairle agus lena Coistí éagsúla.

Faoi dheireadh ba mhaith liom ár mbuíochas a chur in iúl don Aire Sláinte, an Dr Leo Varadkar T.D agus le hoifigigh a Roinne as ucht a dtacaíocht leanúnach dár gcuid oibre sa Chomhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéil.



**Cathaoirleach 10/09/2015**



**Stiúrthóir Feidhmeach 10/09/2015**

# Feidhmeanna na Comhairle

Tháinig an Chomhairle le chéile 8 n-uaire i rith 2014. Tá baill na Comhairle ag freastal ar Choistí na Comhairle freisin. Le féachaint ar fhreastal ar an gComhairle féach Aguisín 1.

Tá 6 Choiste ag an gComhairle:

- Cáilíocht agus Sábháilteacht
- Oideachas agus Caighdeáin
- Comhairleach Mhíochaine
- Seachadadh Tosaíochta
- Oiriúnacht chun Cleachtadh
- Iniúchadh

Ina theannta sin tá na Grúpaí Oibre agus na Painéil seo a leanas ag an gComhairle:

- Grúpa Cáilíochta Scrúdaithe
- Grúpa Scríofa Míre Tástála
- Painéal Achomhairc
- Painéal Scrúdaitheora

Is iad príomhfheidhmeanna an CCPRO ná:

- *A chinntiú go dtagann institiúidí oiliúna agus ábhar na gcúrsaí i gCéad Fhreagairt agus i dTeicneolaíocht Mhíochaine Éigeandála leis an gcleachtas is fearr atá anois ann*
- *A chinntiú go mbaineann Freagróirí agus Cleachtóirí cúraim éigeandála réamh-ospidéil inniúlacht amach agus go gcoimeádtar í ar an gcaighdeán iomchuí feidhmíochta*
- *Ullmhú agus cur chun cinn a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na dtreoirlínte cleachtais chliniciúil i gcúram éigeandála réamh-ospidéil*
- *Taighde iomchuí a aimsiú, a urrú agus a chur chun cinn chun treoracha na Comhairle a stiúradh agus chun cúram éigeandála réamh-ospidéal a fhorbairt in Éirinn*
- *Caighdeáin oibríochta a ullmhú do sholáthróirí cúraim práinne réamh-ospidéil chun tacú leis an gcleachtas is fearr*
- *Clár de chleachtóirí cúraim éigeandála réamh-ospidéil a bhunú agus a choimeád*
- *Na soláthróirí cúraim práinne réamh-ospidéil sin a thugann faoi na treoirlínte cleachtais chliniciúil a chur i bhfeidhm a aithint*

# Ballraíocht na Comhairle

## Ballraíocht ar an 31ú Nollaig 2014

Níl níos mó ná seacht mball déag ar an gComhairle a cheapann an tAire:

| Ainm | Cóimheas Ballraíochta |
|---|---|
| Mr Tom Mooney | Cathaoirleach, ionadaí sainspéise nó saineolais i gcúram réamh-ospidéil |
| Mr Michael Dineen | Leaschathaoirleach agus ionadaí paraimíochaine fhormhór na gcleachtóirí |
| Mr Shane Mooney | Ard-pharaimhíochaineoir, ainmniúchán ceardchumainn agus ionadaí chleachtóirí |
| Mr Tom Tinnelly | Ard-pharaimhíochaineoir, ainmniúchán ceardchumainn agus ionadaí chleachtóirí |
| Mr David Maher | Ard-pharaimhíochaineoir, ainmniúchán ceardchumainn agus ionadaí chleachtóirí |
| Mr Robert Kidd | Ainmniúchán institiúide aitheanta - NASC/UCD |
| Mr Stephen Brady | Ainmniúchán institiúide aitheanta - DFB/RCSI |
| Mr Barry O'Brien | Ionadaí bainistíochta an FSS |
| Mr Martin Dunne | Ionadaí bainistíochta an FSS |
| Dr Cathal O'Donnell | Ionadaí bainistíochta an FSS |
| Prof. Patrick Plunkett | Ionadaí chleachtóirí míochaine le saineolas i gcúram práinne réamh-ospidéil |
| Dr Michael Molloy | Ionadaí chleachtóirí míochaine le saineolas i gcúram práinne réamh-ospidéil |
| Dr Hugh Doran | Ionadaí chleachtóirí míochaine le saineolas i gcúram práinne réamh-ospidéil |
| Ms Valerie Small | Ardchleachtóir altranais agus ionadaí altranais le sainspéis i gcúram réamh-ospidéil |
| Mr Michael Brennan | Ionadaí leasa an phobail |
| Ms Glenna Woods | Altra agus oifigeach athbheochana mar ionadaí ar dhaoine le sainleas nó saineolas i gcúram réamh-ospidéil |
| Mr Thomas Keane | Paraimhíochaineoir agus ionadaí ar dhaoine le sainleas nó saineolas i gcúram réamh-ospidéil |

# Coistí na Comhairle, Painéil agus Grúpaí Oibre

Tugann a Coistí, a Painéil agus a Grúpaí Oibre cúnamh agus comhairle don Chomhairle agus í ag comhlíonadh a feidhmeanna reachtúla.

## Coiste Cáilíochta agus Sábháilteachta

Buanchoiste na Comhairle. Sonraíonn na téarmaí tagartha go ndéanfadh an coiste moltaí don Chomhairle ar cheisteanna polasaí a bhaineann le, ach nach mbíonn teoranta do, chritéir chlárúcháin, caomhnú inniúlachta chleachtóirí agus creat cleachtais, caighdeán faisnéise agus creat um iniúchadh cliniciúil agus faomhadh soláthróra seirbhíse le treoirlínte cleachtais chliniciúil a chur i bhfeidhm (TCCanna) Tionóladh dhá chruinniú i rith 2014 agus cuireadh dhá chruinniú ar athló toisc nach raibh córam na mball ar fáil.

### Ballraíocht ar an 31ú Nollaig 2014

| Ainm | Cóimheas Ballraíochta |
|---|---|
| Mr Shane Mooney | Cathaoirleach, ball den Chomhairle agus ard-pharaimhíochaineoir |
| Mr Tom Mooney | Cathaoirleach na Comhairle |
| Ms Valerie Small | Cathaoirleach an Choiste um Oideachas agus Chaighdeáin, ball den Chomhairle agus ardchleachtóir altranais cláraithe |
| Dr Michael Molloy | Cathaoirleach an Choiste Comhairleach Míochaine agus ball den Chomhairle |
| Mr Michael Dineen | Leaschathaoirleach na Comhairle agus paraimhíochaineoir |
| Mr Thomas Keane | Ionadaí na Comhairle agus paraimhíochaineoir |
| Mr David Maher | Ionadaí na Comhairle agus paraimhíochaineoir |
| Mr Thomas Tinnelly | Ionadaí na Comhairle agus paraimhíochaineoir |
| Ms Katrina Mullally | Ionadaí ó Sheirbhís Náisiúnta Otharcharranna (SNO) an FSS |
| Mr Derek Nolan | Ionadaí ó Chosaint Shibhialta agus ard-pharaimhíochaineoir |
| Mr Michael O'Reilly | Ionadaí ó DFB/RCSI |
| Ms Brigid Sinnott | Ionadaí ó eagraíocht neamhrialtasach (ENR) le fócas pobail |
| Dr Anthony Corcoran | Ionadaí Óglaigh na hÉireann |
| Mr Ricky Treacy | Ionadaí ó Otharsheirbhís Naomh Eoin |
| Ms Brigid Doherty | Ionadaí na n-othar |
| Mr Gregory Lyons | Ionadaí ó Chumann Croise Deirge na hÉireann agus teicneoir míochaine éigeandála |
| Mr Ian Brennan | Ionadaí ó Ord Mhálta agus ard-pharaimhíochaineoir |

*Athruithe ar bhallraíocht: tháinig Michael O'Reilly i gcomharbacht ar Martin O'Reilly i mí Iúil 2014*

Ionadaí breathnadóireachta ón CGP Ceadúnaithe faofa ag Soláthróirí Seirbhíse Otharcharranna Príobháideacha ar bhonn rothlaithe

### Príomhghníomhaíochtaí do 2014

- Cleachtadh comhairliúcháin CPC a dhéanamh ag leibhéal pharaimhíochaineora agus ard-pharaimhíochaineora ar fhorfheidhmiú CPC ag na leibhéil sin.
- Faomhadh ar stádas chleachtóra CPG a lorg ag gach leibhéal ó sholáthróirí faofa ceadúnaithe in éineacht leis an stádas a lorg ar phribhléidiú ardchleachtóirí.
- Óstáil ar sheimineár faisnéise d'ionadaithe ó gach soláthróir ceadúnaithe CCPRO.
- Óstáil ar sheimineár iniúchóireachta cliniciúil d'ionadaithe ainmnithe ó sholáthróirí ceadúnaithe.
- Faomhadh ar fhorbairt Chreat Athbhreithnithe ar Cháilíocht sholáthróir ceadúnaithe CPG.

## An Coiste um Oideachas agus Caighdeáin

Buanchoiste na Comhairle. Sonraíonn na téarmaí tagartha go ndéanfaidh an coiste moltaí don Chomhairle ar cheisteanna polasaí a bhaineann le, ach nach mbíonn teoranta do, oideachas agus caighdeáin, aitheantas institiúidí, aitheantas ar chomhionannas cháilíochtaí proifisiúnta a fuarthas ó institiúidí laistigh agus lasmuigh den stát agus cothabháil agus monatóireacht ar institiúidí. Tionóladh trí chruinniú i rith 2014.

### Ballraíocht ar an 31ú Nollaig 2014

| Ainm | Cóimheas Ballraíochta |
|---|---|
| Ms Valerie Small | Cathaoirleach, ball den Chomhairle agus ardchleachtóir altranais cláraithe |
| Mr Tom Mooney | Cathaoirleach na Comhairle |
| Dr Michael Molloy | Cathaoirleach an Choiste Comhairleach Míochaine agus ball den Chomhairle |
| Mr Michael Dineen | Leaschathaoirleach na Comhairle agus paraimhíochaineoir |
| Mr Shane Mooney | Cathaoirleach an Choiste Cáilíochta agus Sábháilteachta, ball den chomhairle agus ard-pharaimhíochaineoir |
| Mr Stephen McMahon | Ionadaí na n-othar |
| Ms Sarah Cain | Ionadaí ó eagraíocht neamhrialtasach le fócas pobail |
| Ms Glenna Woods | Ball den Chomhairle agus altra cláraithe |
| Mr Martin McNamara | Saineolaí ar oideachas oiliúna altraí ar tugadh cuireadh dó |
| Ms Maeve Donnelly | Saineolaí in oideachas aosach ar tugadh cuireadh di |
| Mr Thomas Keane | Ball den Chomhairle agus paraimhíochaineoir |
| Mr Shane Knox | Ionadaí ag leibhéal éascaitheora ó institiúid aitheanta a sholáthraíonn oiliúint ard-pharaimhíochaine agus ard-pharaimhíochaineoir |

| | |
|---|---|
| Ms Róisín McGuire | Ionadaí ag leibhéal Éascaitheora ón gcomhchoiste seirbhíse deonach otharcharranna, príomhoide an Choláiste Cosanta Sibhialta agus paraimhíochaineoir |
| Mr Raymond Lacey | Ionadaí ag leibhéal teagascóra ó Choláiste Pharaimhíochaineoirí na hÉireann agus ard-pharaimhíochaineoir |
| Mr Paul Lambert | Ionadaí ar leibhéal an éascaitheora ó institiúid aitheanta a sholáthraíonn oiliúint ard-pharaimhíochaine |
| Mr David Maher | Ball den Chomhairle agus paraimhíochaineoir |
| Mr Brian Bruno | Ionadaí ag leibhéal teagascóra ó institiúid aitheanta a sholáthraíonn oiliúint pharaimhíochaine |

*Athruithe ar bhallraíocht: Tháinig Brian Bruno i gcomharbacht ar Mark Dixon i mí Eanáir 2014*

Ionadaí breathnadóireachta ón CGP Ceadúnaithe faofa ag Soláthróirí Seirbhíse Otharcharranna Príobháideacha ar bhonn rothlaithe

### Príomhghníomhaíochtaí do 2014

- Féachadh ar an gcaighdeán oideachais agus oiliúna nua do Fhreagairt Gharchabhrach agus moladh d'fhaomhadh na Comhairle é.
- Féachadh ar an gcaighdeán oideachais agus oiliúna nua EFR-bunchúram éigeandála oirbheartaíoch (BTEC) agus moladh d'fhaomhadh na Comhairle é.
- Pléadh páipéir ó CEMS UCD agus GEMS UL maidir le clár BSc do ghairm an pharaimhíochaineora.
- Moladh sceideal measúnaithe paraimhíochaine ó DFB/RCSI don Comhairle le faomhadh.
- Féachadh ar na caighdeáin oideachais agus oiliúna seo a leanas agus moladh don Chomhairle iad a fhaomhadh: CFR Pobail, Ard CFR agus EFR. Cuireadh athbhreithniú ar chaighdeáin Freagróra agus Riarthóra Glaonna EMS ar athló go dtí an chéad dreas athbhreithnithe eile 2017/8.
- Aontaíodh ar chreat bunaithe ar inniúlacht a fhorbairt do pharaimhíochneoirí agus APanna le chur leis na caighdeáin oideachais agus oiliúna reatha.
- Déanadh Rialacha na Comhairle maidir le hAitheantas Institiúidí V5 a mholadh don Chomhairle le faomhadh.
- Caitheadh leath lae leis an athbhreithniú agus breithniú ar an gCreat Foirne Teagaisc athbhreithnithe i ndiaidh tréimhse de chomhairliúchán poiblí.

## An Coiste Comhairleach Míochaine (CCM)

Buanchoiste na Comhairle. Is coiste saineolaithe atá i CCM a fhéachann ar cheisteanna cliniciúla a chuireann an Chomhairle, an Coiste Cáilíochta agus Sábháilteachta nó an Coiste um Oideachas agus Caighdeáin faoina mbráid. Tionóladh seacht gcruinniú i rith 2014.

## Ballraíocht ar an 31ú Nollaig 2014

| Ainm | Cóimheas Ballraíochta |
|---|---|
| Dr Michael Molloy | Cathaoirleach |
| Dr Niamh Collins | Leaschathaoirleach agus ainmní Chláir Mhíochaine Éigeandála an FSS |
| Dr Neil Reddy | Liachleachtóir cláraithe le spéis i gcúram práinne réamh-ospidéil |
| Mr Seamus McAllister | Ionadaí ó Sheirbhís Otharcharr Thuaisceart Éireann |
| Dr Conor Deasy | Leas-Stiúrthóir liachta seirbhíse reachtúla otharcharranna |
| Mr Michael Dineen | Leaschathaoirleach na Comhairle agus paraimhíochaineoir |
| Mr David Hennelly | Liachleachtóir cláraithe le spéis i gcúram práinne réamh-ospidéil ar cuireadh ón gCathaoirleach |
| Mr Macartan Hughes | Ionadaí, ag leibhéal teagascóra nó éascaitheora, institiúidí aitheanta a sholáthraíonn oiliúint ag leibhéal ard-pharaimhíochaineora (NASC) |
| Mr David Irwin | Cleachtóir cláraithe CCPRO ainmnithe ag Coláiste Pharaimhíochaineoirí na hÉireann |
| Mr Thomas Keane | Cleachtóir cláraithe agus ball den Chomhairle |
| Mr Shane Knox | Acadóirí cláraithe CCPRO |
| Mr Declan Lonergan | Ionadaí ag leibhéal teagascóra nó éascaitheora institiúide aitheanta a sholáthraíonn oiliúint ag leibhéal pharaimhíochaineora (NAS) |
| Mr Joseph Mooney | Ionadaí na dteicneoirí míochaine éigeandála ar chlár an CCPRO |
| Mr Shane Mooney | Cathaoirleach an Choiste Cúraim Chliniciúil |
| Mr David O'Connor | Ionadaí ard-pharaimhíochaineora ó chlár an CCPRO |
| Mr Kenneth O'Dwyer | Ionadaí ard-pharaimhíochaineora ó chlár an CCPRO |
| Mr Martin O' Reilly | Ionadaí ag leibhéal teagascóra nó éascaitheora institiúide aitheanta a sholáthraíonn oiliúint ag leibhéal pharaimhíochaineora (NAS) |
| Mr Rory Prevett | Ionadaí pharaimhíochaineora ó chlár an CCPRO |
| Mr Derek Rooney | Ionadaí pharaimhíochaineora ó chlár an CCPRO |
| Mr Jack Collins | Ionadaí na dteicneoirí míochaine éigeandála ó chlár an CCPRO |
| Dr Cathal O'Donnell | Stiúrthóir liachta seirbhíse reachtúla otharcharranna |
| Ms Valerie Small | Cathaoirleach ar an gCoiste Creidiúnaithe agus Altra Cláraithe, ionadaí na nAltraí Míochaine Éigeandála |
| Mr Tom Mooney | Cathaoirleach na Comhairle |
| Prof. Stephen Cusack | Comhairleach acadúil um Leigheas Éigeandála |
| Dr Peter O'Connor | Stiúrthóir liachta seirbhíse reachtúla otharcharranna (DFB/RCSI) |
| Dr David Menzies | Comhairleoir Leighis Éigeandála ainmnithe ag Cumann Leighis Éigeandála na hÉireann |

| | |
|---|---|
| Dr Gerald Kerr | Stiúrthóir Chóir Liachta an Airm |
| Dr David McManus | Ionadaí ó Sheirbhís Otharcharr Thuaisceart Éireann |
| Prof. Gerard Bury | Liachleachtóir cláraithe le spéis i gcúram práinne réamh-ospidéil ar cuireadh ón gCathaoirleach |
| Dr Seán Walsh | Comhairleach um Míochaine Éigeandála Péidiatraice |

*Athruithe ar bhallraíocht: D'éirigh an Dr Seamus Clarke as i mí Lúnasa 2014*

### Príomhghníomhaíochtaí do 2014

Foilsiú eagráin 2014 de na Treoirlínte um Chleachtas Cliniciúil (TCCanna)

## An Coiste Seachadta Tosaíochta

Is buanchoiste den chomhairle é an Coiste Seachadta Tosaíochta. Déantar faomhadh ar bhallraíocht an Choiste Seachadta Tosaíochta le teacht lena ról mar shainghrúpa le comhairle a chur ar an gComhairle maidir le ceisteanna seachadta tosaíochta. Tionóladh trí chruinniú i rith 2014.

### Ballraíocht ar an 31ú Nollaig 2014

| Ainm | Cóimheas Ballraíochta |
|---|---|
| Mr Stephen Brady | Cathaoirleach agus ball den Chomhairle |
| Dr Cathal O'Donnell | Stiúrthóir Liachta sheirbhís náisiúnta otharcharranna FSS (NAS) |
| Dr Conor Deasy | Leas-stiúrthóir Liachta an FSS NAS |
| Mr Michael Delaney | Bainisteoir rialaithe FSS NAS, sainspéis in AMPDS |
| Ms Dawn Stevenson | Oifigeach Oiliúna agus dearbhaithe inniúlachta an FSS NAS, sainspéis in AMPDS |
| Mr Brian O'Connor | Tógálaí glaonna/riarthóir ón FSS NAS |
| Dr Peter O'Connor | Stiúrthóir Liachta Bhriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath (DFB) |
| Mr John Moody | DFB, sainspéis in AMPDS |
| Mr Niall Murray | Tógálaí glaonna/riarthóir ón NAS |
| Mr Martin O'Reilly | Oifigeach DFB, sainspéis in AMPDS |
| Dr Mark Doyle | Liachleachtóir ospidéil le sainspéis i seachadadh tosaíochta |
| Dr Michael Molloy | Cathaoirleach An Coiste Comhairleach Míochaine |
| Ms Kathrina Murray | Bainisteoir Rialaithe na Seirbhíse Náisiúnta Otharcharranna FSS (le sainspéis in AMPDS) |
| Mr Brian Power | Oifigeach Forbartha Chlár CCÉRO |

*Athruithe ar bhallraíocht: Tháinig Kathrina Murray i gcomharbacht ar Pat Mooney i mí Lúnasa 2014. D'éirigh Mark Doyle as an gcathaoirleacht agus tháinig Stephen Brady ina ionad i nDeireadh Fómhair 2014.*

Príomhghníomhaíochtaí do 2014

- Forbairt ar phacáiste oiliúna Protocol 37
- Scrúdú ar oiriúnacht na gcatagóirí éagsúla glaonna

## An Coiste Iniúchóireachta

Is coiste de chuid na Comhairle atá sa Choiste Iniúchóireachta a thuairiscíonn ar cheisteanna mar leorgacht nádúir, fairsinge agus éifeacht na gcóras cuntasaíochta agus rialaithe inmheánach, ach nach bhfuil teoranta dó sin, a dhéanann athbhreithniú ar sholáthar maidir le rialachas corparáideach, bainistíocht riosca, maoirseacht airgeadais agus sceithirí.  Bhí trí chruinniú le linn 2014.

### Ballraíocht ar an 31ú Nollaig 2014

| Ainm | Cóimheas Ballraíochta |
|---|---|
| Mr Con Foley | Cathaoirleach, ball seachtrach atá cáilithe i gcuntasaíocht agus iniúchóireacht |
| Mr Dermot Magan | Saineolaí airgeadais le taithí san earnáil sláinte poiblí |
| Mr Stephen Brady | Ball den Chomhairle |
| Mr Michael Brennan | Ball den Chomhairle |
| Mr Brian Power | Ball d'fhoireann an CCPRO |

## Painéal Achomhairc

Ceapann an Chomhairle an Painéal Achomhairc.  Éilíonn na téarmaí tagartha go bhféachfadh an Painéal Achomhairc ar chinntí an Stiúrthóra agus breithniú a dhéanamh ar na hachomhairc sin.  Níor tháinig an painéal achomhairc le chéile i rith 2014.

### Ballraíocht ar an 31ú Nollaig, 2014

| Ainm | Cóimheas Ballraíochta |
|---|---|
| Ms Valerie Small | Cathaoirleach, Ball den Chomhairle |
| Mr Stephen McMahon | Ionadaí na n-othar |
| Ms Brigid Sinnott | Ionadaí ghrúpa pobail |
| Mr Michael Dineen | Ball den Chomhairle |
| Mr Pat Sheridan | Ionadaí ó ghrúpa deonach |

Níor tharla aon athruithe sa bhallraíocht i rith 2014.

## Painéal Scrúdaitheora

Sonraítear sna téarmaí tagartha go ndéanfaidh Painéal Scrúdaitheoirí measúnú ar iarrthóir ag scrúduithe NQEMT.  Deánann comhlacht ionadaíochta míochaine, altranais nó oiliúna an bhallraíocht

a ainmniú; soláthróir sheirbhíse chúraim phráinne réamh-ospidéil faofa ag CPG nó ag institiúid aitheanta.  Ní mór do bhaill oiliúint scrúdaitheora PHECC a chríochnú agus ceardlanna athnuachana de réir mar a cheaptar a bheith riachtanach.

Tá 105 ball gníomhach ar an bpainéal.  Roghnaigh cúigear ball gan fanacht ar an bpainéal i 2014.  Tá sonraí na mball ar fáil ar http://www.phecit.ie/

Príomhghníomhaíochtaí do 2014

- Measúnú ar 354 iarrthóir, ar a n-áirítear ath-iarrthóirí ag cuid an OSCE de na scrúduithe NQEMT.

## Grúpa Cáilíochta Scrúdaithe

Tá sé mar chritéar don ghrúpa Cáilíochta Scrúdaithe go gcaithfidh baill a bheith ar phainéal scrúdaithe an CCPRO.  Socraíonn téarmaí tagartha an ghrúpa comhábhar scrúdaithe ar a n-áirítear ábhar in éineacht le critéir scrúdaitheora, oiliúint agus feidhmíocht.

### Ballraíocht ar an 31ú Nollaig, 2014

| Ainm | Cóimheas Ballraíochta |
|---|---|
| Ms Jacqueline Egan | Cathaoirleach, Oifigeach Forbartha Chlár CCPRO |
| Mr Brian Power | Oifigeach Forbartha Chlár CCPRO |
| Ms Julie Woods | Scrúdaitheoir CCPRO |
| Mr Ray Carney | Scrúdaitheoir CCPRO |
| Mr Ricky Ellis | Scrúdaitheoir CCPRO |
| Mr Michael Garry | Scrúdaitheoir CCPRO |
| Mr Ben Heron | Scrúdaitheoir CCPRO |
| Mr Lawrence Kenna | Scrúdaitheoir CCPRO |
| Mr Shane Knox | Scrúdaitheoir CCPRO |
| Mr Paul Lambert | Scrúdaitheoir CCPRO |
| Mr David Sherwin | Scrúdaitheoir CCPRO |
| Mr Rod Tobin | Scrúdaitheoir CCPRO |
| Mr Mark Wilson | Scrúdaitheoir CCPRO |

Ní raibh aon athrú ar bhallraíocht i 2014.

Príomhghníomhaíochtaí do 2014:

- Athbhreithniú agus athlíniú ar ábhar an scrúdaithe ar a n-áitítear nithe tástála, measúnú scile, cásanna, liostaí trealaimh, ualuithe scrúdaithe ag leibhéil EFR, EMT agus Paraimhaíochaineora, ag teacht le foilsiú eagráin 2014 de na treoirlínte um chleachtas cliniciúil (TCCanna).

- Soláthar ar mhaoirseacht ar cháilíocht scrúdaithe ag gach scrúdú CCPRO NQEMT a tionóladh i rith 2014.

# Gníomhaíochtaí na Comhairle i 2014

## Ráitis ar phríomhghníomhaíochtaí:

### Rialachas:

- Forbairt ar Phlean Straitéiseach CCPRO 2015 - 2017
- Faomhadh ar Chreat Riosca 2014
- Ceapadh Barry O'Sullivan, Leas-Stiúrthóir agus Cláraitheoir, chug post mar Stiúrthóir Feidhmeach ag feitheamh ar cheapachán Stiúrthóra nua, tar éis dár Stiúrthóir measúil, an Dr Geoff King (RIP) bás a fháil.

### Oideachas agus Caighdeáin:

- Faomhadh ar Chúrsa Freagra Garchabhrach (CFG) an CCPRO
- Faomhadh ar Bhunchúrsa Cúraim Éigeandála Teicniúil EFR (EFR-BTEC)
- Caighdeáin Tiomána reatha an CCPRO a chur ar ceal de bharr Chaighdeáin nua Tiomána Seirbhíse Éigeandála ag an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre ar chabhraigh an CCPRO go mór leo.
- Rialacha Athbhreithnithe na Comhairle maidir le hAitheantas d'Institiúidí

### Clár CCPRO

- Faomhadh na Comhairle ar pholasaí ath-chlárúcháin a éascódh dáta amháin ath-chlárúcháin ar líne ar an 31ú Bealtaine gach bliain do pharaimhíochaineoirí.
- Forfheidhmiú iomlán ar ath-chlárú leictreonach do gach cleachtóir cláraithe.

### Scrúdú agus Teastasú

- Rialacha na Comhairle a chur i bhFeidhm do nósanna imeachta Féachana agus Athsheiceála Scrúdaithe NQEMT.
- Aontú ar chonradh maidir le hóstáil an choda a bhaineann le ceist ilroghnach (CIL) den scrúdú EMT don tríú páirtí.
- Leanúint le hiniúchadh a dhéanamh ar scrúduithe a fhorbairt d'institiúidí aitheanta.
- Leanúint le forbairt agus cur chun cinn na dtionscnamh ríomhfhoghlama.
- Teagmháil a dhéanamh le hollscoileanna le héascú a dhéanamh ar aistriú oiliúna pharaimhíochaineora agus ard-pharaimhíochaineora chuig an earnáil treasach.

## Treoirlínte um Chleachtais Chliniciúla (TCCanna)

- Forbairt agus foilsiú ar leagan 2014 de na TCCanna.

## Céad Fhreagróirí agus Comh-fhreagróirí

- Réiteach cliste leictreonach a chur i bhfeidhm (Feidhm Foláirimh Freagróra) d'imlonnú agus do bhailiú faisnéise ag na chéad fhreagróirí agus comh-Fhreagróirí.
- Tacú le líonra CFR na hÉireann d'fhonn go ndéanfar comhairle agus eolas praiticiúil a sholáthar go náisiúnta do chéad fhreagróirí cairdiach.

## Taighde i gCúram Práinne Réamh-Ospidéil

- Tacaíocht a choimeád don Lárionad Taighde Réamh-Ospidéil in Ollscoil Luimnigh
- Forbairt a dhéanamh ar thacar Táscairí Feidhmíochta do Chúram Práinne Otharcharr ar bhonn fianaise agus comhthola.

## An tSeirbhís Náisiúnta Aisghabhála

- Leanadh le tacú le saothar an chláir náisiúnta iompair leighis le tús curtha le pleananna le tacú le córas leictreonach bailithe sonraí a fhorbairt a chuimsíonn Nua-Naíonna, Péidiatraic agus Daoine Fásta.

# Foireann agus Cairt Eagraíochta CCPRO

| | |
|---|---|
| Anne Keogh | Oifigeach Cléireachais Clárúcháin & Fáiltithe |
| Barry O'Sullivan | Leas-Stiúrthóir & Cláraitheoir * Ceaptha mar Stiúrthóir Feidhmeach |
| Brian Power | Oifigeach Forbartha Cláir |
| Claire Finn | Oifigeach Clárúcháin |
| Deirdre Borland | Oifigeach Tacaíochta Forbartha Cláir |
| Jacqueline Egan | Oifigeach Forbartha Cláir |
| John Lally | Oifigeach Tacaíochta TFC & Riaracháin |
| Liz Dempsey | Oifigeach Scrúduithe |
| Margaret Bracken | Oifigeach Cléireachais Scrúduithe & Fáiltithe |
| Marian Spence | Rúnaí na Comhairle & Oifigeach Creidiúnaithe |
| Pauline Dempsey | Oifigeach Forbartha Cláir |
| Sylvia O'Mahony | Oifigeach Tacaíochta Airgeadais & Seirbhísí Corporáideacha |



# An Chomhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéil

# RÁITIS AIRGEADAIS 2014

# don

# Don Bhliain Dár Críoch 31 Nollaig 2014

Rinne an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste na dreácht-chuntais seo a chur isteach d'iniúchadh agus do dheimhniú

# An Chomhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéil

# RÁITIS AIRGEADAIS

### DON BHLIAIN DÁR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2014

---

## Comhdhéanamh na Comhairle agus Faisnéis Eile

### Baill na Comhairle

Mr Tom Mooney, Cathaoirleach
Mr Michael Dineen
Mr Martin Dunne
Dr Hugh Doran
Dr Mick Molloy
Mr Shane Mooney
Dr Cathal O'Donnell
Ms Valerie Small
Ms Glenna Woods
Mr Michael Brennan
Mr Stephen Brady
Mr Robert Kidd
Mr Thomas Keane
Mr David Maher
Mr Barry O'Brien
Prof. Patrick Plunkett
Mr Tom Tinnelly

**Stiúrthóir** Dr Geoff King

**Baincéirí** AIB
An Phríomhshráid
An Nás
Co Chill Dara

**Seoladh Gnó** Teach Móta na Mainistreach
Sráid na Mainistreach
An Nás
Co Chill Dara

**Iniúchóir** An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
Caisleán Bhaile Átha Cliath
Baile Átha Cliath 2

# An Chomhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéil

# RÁITIS AIRGEADAIS

### DON BHLIAIN DÁR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2014

---

## Ráiteas ar Fhreagrachtaí Bhaill na Comhairle

Éilíonn Ordú (Bunú) na Comhairle um Chúram Éigeandála Réamh-Ospidéal, 2000 ar an gComhairle ráitis airgidis, a ullmhú do gach bliain airgeadais, a thugann fíorléiriú cothrom ar chúraimí na Comhairle agus ar a hioncaim agus a caiteachas don tréimhse sin.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, tá ar an gComhairle:

- polasaithe oiriúnacha cuntasaíochta a roghnú agus a chur i bhfeidhm go comhsheasamhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus ciallmhar;
- cloí leis na Caighdeáin ábhartha Cuntasaíochta, faoi réir aon difríochtaí ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna Ráitis Airgeadais;
- ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn ghnóthais leantaigh mura mbíonn sé míchuí a thoimhdiú go leanfar le feidhmiú na Comhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéil.

